



2024/399

12.2.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/399 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Eanáir 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhióch agus catagóirí áirithe ainmhithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhióch ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 7(2), pointe (a), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 238(3) agus Airteagal 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽³⁾, agus go háirithe Airteagal 90, an chéad mhír, agus Airteagal 126(3) de,

Ag féachaint do Rialachán Tarmiligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún an 27 Feabhra 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an toirmisc ar úsáid táirgí áirithe íocshláinte frithmhicróbacha in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhióch a onnmhairítear ó thríú tíortha isteach san Aontas ⁽⁴⁾, agus go háirithe Airteagal 6 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ⁽⁵⁾ ón gCoimisiún leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429, deimhnithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625, agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla bunaithe ar na Rialacháin sin, a bhfuil gá leo i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí.

⁽¹⁾ IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.

⁽²⁾ IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 116, 4.5.2023, lch. 1.

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 an 16 Nollaig 2020 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

- (2) Go sonrach, le Caibidlí 1 (deimhniú caighdeánach 'BOV'), 2 (deimhniú caighdeánach 'OVI'), 3 (deimhniú caighdeánach 'POR'), 4 (deimhniú caighdeánach 'EQU'), 5 (deimhniú caighdeánach 'RUF'), 7 (deimhniú caighdeánach 'SUF'), 10 (deimhniú caighdeánach 'RUM-MSM'), 11 (deimhniú caighdeánach 'SUI-MSM'), 12 (deimhniú caighdeánach 'NZ-TRANSIT-SG'), 13 (deimhniú caighdeánach 'POU'), 15 (deimhniú caighdeánach 'RAT'), 19 (deimhniú caighdeánach 'E'), 20 (deimhniú caighdeánach 'EP'), 23 (deimhniú caighdeánach 'RM'), 24 (deimhniú caighdeánach 'MP-PREP'), 25 (deimhniú caighdeánach 'MPNT'), 26 (deimhniú caighdeánach 'MPST'), 27 (deimhniú caighdeánach 'CAS'), 28 (deimhniú caighdeánach 'FISH-CRUST-HC'), 33 (deimhniú caighdeánach 'MILK-RM'), 34 (deimhniú caighdeánach 'MILK-RMP/NT'), 35 (deimhniú caighdeánach 'DAIRY-PRODUCTS-PT'), 36 (deimhniú caighdeánach 'DAIRY-PRODUCTS-ST'), 37 (deimhniú caighdeánach 'COLOSTRUM'), 38 (deimhniú caighdeánach 'COLOSTRUM-BP'), 45 (deimhniú caighdeánach 'HON') agus 49 (deimhniú caighdeánach 'PAO') d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, leagtar amach deimhnithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine.
- (3) Ba cheart fianuithe sláinte poiblí na ndeimhnithe caighdeánacha sin a leasú i bhfianaise na bhforálacha a leagtar síos i Rialachán Tarmiligthe (AE) 2023/905 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an toirmisc ar úsáid táirgí áirithe íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha chuig an Aontas. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾ bunaítear, i measc nithe eile, deimhnithe caighdeánacha i bhfoirm deimhnithe sláinte ainmhithe nó deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla agus dearbhuithe oifigiúla caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún a theacht isteach san Aontas.
- (5) Go sonrach, le Caibidlí 1 (deimhniú caighdeánach 'BOV-X'), 2 (deimhniú caighdeánach 'BOV-Y'), 4 (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-X'), 5 (deimhniú caighdeánach 'OV/CAP-Y'), 7 (deimhniú caighdeánach 'SUI-X'), 8 (deimhniú caighdeánach 'SUI-Y'), 12 (deimhniú caighdeánach 'CAM-CER'), 13 (deimhniú caighdeánach 'EQUI-X'), 14 (deimhniú caighdeánach 'EQUI-Y'), 22 (deimhniú caighdeánach 'BPP'), 23 (deimhniú caighdeánach 'BPR'), 29 (deimhniú caighdeánach 'SP'), 30 (deimhniú caighdeánach 'SR') agus 31 (deimhniú caighdeánach 'POU- LT20') d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, leagtar amach deimhnithe caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe de bhia-ainmhithe talún a theacht isteach san Aontas.
- (6) Ba cheart fianuithe sláinte poiblí na ndeimhnithe caighdeánacha sin a leasú chun léiriú a thabhairt ar na forálacha a leagtar síos i Rialachán Tarmiligthe (AE) 2023/905 a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm an toirmisc ar úsáid táirgí áirithe íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha chuig an Aontas. Dá bhrí sin, is gá na deimhnithe caighdeánacha sin a leasú dá réir sin.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 a leasú dá réir.
- (8) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch agus catagóirí áirithe ainmhithe lena mbaineann na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo, úsáid deimhnithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo, ba cheart leanúint den úsáid sin a údarú le linn idirthréimhse, faoi réir coinníollacha áirithe.
- (9) Le Rialachán Tarmiligthe (AE) 2023/905 maidir leis na coinníollacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe nó de tháirgí de bhunadh ainmhíoch laistigh dá raon feidhme, déantar foráil go bhfuil feidhm le bheith ag na coinníollacha sin 24 mhí tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán Cur Chun Feidhme i bhfeidhm lena n-ionchorpraítear sna deimhnithe sláinte ainmhithe ábhartha agus sna deimhnithe sláinte ainmhithe/deimhnithe oifigiúla an toirmeas ar úsáid táirgí áirithe íocshláinte frithmhiocróbacha in ainmhithe nó i dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a onnmhairítear ó thríú tíortha chuig an Aontas. Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 6 mhí tar éis teacht i bhfeidhm dó. Fágann sin maidir le coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch agus catagóirí áirithe ainmhithe a thagann isteach san Aontas ó thríú tíortha, go bhfuil deimhnithe le gabháil leo i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán ón 3 Meán Fómhair 2026.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchóiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúcháin oifigiúla maidir leis na deimhnithe sin a thabhairt isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 i gcomhréir le Cuid 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 i gcomhréir le Cuid 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

1. Ar feadh idirthréimhse go dtí an 3 Nollaig 2024, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine, úsáid deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 1, 2, 3, 4, 5, 7, 10, 11, 12, 13, 15, 19, 20, 23, 24, 25, 26, 27, 28, 33, 34, 35, 36, 37, 38, 45 agus 49 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu maidir le teacht isteach san Aontas ar choinníoll gur eisíodh na deimhnithe sin tráth nach déanaí ná an 3 Meán Fómhair 2024.

2. Ar feadh idirthréimhse go dtí an 3 Nollaig 2024, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe de bhia-ainmhithe talún, úsáid na ndeimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 1, 2, 4, 5, 7, 8, 12, 13, 14, 22, 23, 29, 30 agus 31 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu maidir le teacht isteach san Aontas ar choinníoll gur eisíodh na deimhnithe sin tráth nach déanaí ná an 3 Meán Fómhair 2024.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 3 Meán Fómhair 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

(1) i gCaibidil 1 (deimhniú caighdeánach 'BOV'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (16)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh feoil úr ó bhó-ainmhithe clóis (lena n-áirítear na speicis *Bison* agus *Bubalus* agus a gcrosphórtha) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú, ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹⁶⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(2) i gCaibidil 2 (deimhniú caighdeánach 'OVI'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (13)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó ainmhithe clóis den chineál caorach agus den chineál gabhair (*Ovis aries* agus *Capra hircus*) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú, ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹³⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(3) i gCaibidil 3 (deimhniú caighdeánach 'POR'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (9)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó mhuc-ainmhithe clóis (*Sus scrofa*) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná

táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiún di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁹⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(4) i gCaibidil 4 (deimhniú caighdeánach 'EQU'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (3)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó dhlúthchrúbaigh chlóis (*Equus caballus*, *Equus asinus* agus a gcrosphórtha) a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiún di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽³⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(5) i gCaibidil 5 (deimhniú caighdeánach 'RUF'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (12)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó ainmhithe den fhine *Bovidae* (seachas bó-ainmhithe clóis, ainmhithe clóis den chineál caorach agus den chineál gabhair), ainmhithe den chineál camaill agus ainmhithe den chineál fia a choinnítear mar ghéim saothraithe, a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú, ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiún di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹²⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(6) i gCaibidil 7 (deimhniú caighdeánach 'SUF'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (7)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó ainmhithe a choinnítear mar ghéim saothraithe de phórtha fiáine de mhuc-ainmhithe nó de fhine *Tayassuidae* a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go

háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁷⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(7) i gCaibidil 10 (deimhniú caighdeánach 'RUM-MSM'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (6)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** *[Scríos nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola díchnámhaithe go meicniúil]*

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil díchnámhaithe go meicniúil ó athchogantaigh chlóis a dtugtar tuairisc uirthi i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil díchnámhaithe go meicniúil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁶⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(8) i gCaibidil 11 (deimhniú caighdeánach 'SUI-MSM'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (6)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** *[Scríos nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola díchnámhaithe go meicniúil]*

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo, maidir leis an bhfeoil díchnámhaithe go meicniúil ó mhuc-ainmhithe clóis a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I, gur táirgeadh í i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil díchnámhaithe go meicniúil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁶⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(9) i gCaibidil 12 (deimhniú caighdeánach 'NZ-TRANSIT-SG'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.3. seo a leanas:

^{(5) (6)} [II.3. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún**

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr a dtugtar tuairisc uirthi i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁵⁾ Scrios murab infheidhme.

⁽⁶⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(10) i gCaibidil 13 (deimhniú caighdeánach 'POU'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(4) (10)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [*Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire*]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an éineoil úr seachas raitígh a dtugtar tuairisc uirthi i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹⁰⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(11) i gCaibidil 15 (deimhniú caighdeánach 'RAT'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1. seo a leanas:

^{(3) (10)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [*Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na feola úire*]

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas an fheoil úr raitíteach a dtugtar tuairisc uirthi i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹⁰⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(12) i gCaibidil 19 (deimhniú caighdeánach 'E'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(4) (5)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/905** *[Scríos nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na n-uibheacha]*

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas na huibheacha a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na healtaí béaróg dá bhfuarthas na huibheacha, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁴⁾ Scríos murab infheidhme.

⁽⁵⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(13) i gCaibidil 20 (deimhniú caighdeánach 'EP'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(3) (4)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/905** *[Scríos nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na dtáirgí uibhe]*

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo go bhfuarthas na táirgí uibhe a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na healtaí béaróg dá bhfuarthas na huibheacha, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁴⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(14) i gCaibidil 23 (deimhniú caighdeánach 'RM'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(2) (3)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** *[Scríos nuair nach é an tAontas ceann scríbe deiridh na feola úire]*

Dearbhaímse, an tréidlia oifigiúil a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh an fheoil úr ó choiníní saothraithe a dtugtar tuairisc uirthi i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán

frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽²⁾ Scrios murab infheidhme.

⁽³⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(15) i gCaibidil 24 (deimhniú caighdeánach 'MP-PREP'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(2) (9)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) ón gCoimisiún 2023/905** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na n-ullmhóidí feola]

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh na hullmhóidí feola a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽⁹⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(16) i gCaibidil 25 (deimhniú caighdeánach 'MPNT'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (12)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na dtáirgí feola]

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, go bhfuil mé feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún agus deimhním leis seo gur táirgeadh na dtáirgí feola, lena n-áirítear saillte rindreáilte ainmhíocha agus geirdheascadh, eastóscáin feola agus goilí, lamhnáin agus inní cóireáilte seachas cásálacha a dtugtar tuairisc orthu i gCuid I i gcomhréir leis na ceanglais sin, agus go háirithe, maidir leis na hainmhithe dá ndíorthaítear an fheoil, nár tugadh táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha dóibh chun fás a spreagadh ná an táirgeacht a mhéadú ná táirgí íocshláinte frithmhiocróbacha ina bhfuil oibreán frithmhiocróbach a áirítear i liosta na n-oibreán frithmhiocróbach arna bhforchoimeád chun ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine a chóireáil ar liosta é a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1255 ón gCoimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 agus ar de thionscnamh tríú tír nó réigiúin di iad a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905.];

(b) sna nótaí a ghabhann le Cuid II, cuirtear an nóta seo a leanas leo:

⁽¹²⁾ Is infheidhme maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas ón 3 Meán Fómhair 2026.;

(17) i gCaibidil 26 (deimhniú caighdeánach 'MPST'), leasaítear Cuid II mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an Chuid II.1.a. seo a leanas:

^{(1) (13)} [II.1.a. **Fianú a mhéid a bhaineann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/905 ón gCoimisiún** [Scrios nuair nach é an tAontas ceann scribe deiridh na dtáirgí feola]

